

Dámhachtain do Thionscadal Amharclannaíochta 2025

Le haghaidh gníomhaíochtaí dar tús an 1 Eanáir 2025 nó ina dhiaidh sin

Treoirínte d'Iarratasóirí

Spriocdháta: 5.30pm (am na hÉireann), Déardaoin an 25 Iúil 2024

Tabhair faoi deara: daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil riachtanais maidir le bealach isteach acu

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil riachtanais maidir le bealach isteach acu ar mian leo iarratas a chur isteach nó a bhfuil deacrachtaí acu teacht ar Sheirbhísí ar Líne. Má tá riachtanas speisialta agat sa réimse sin, déan teagmháil le hOifigeach Rochtana na Comhairle Ealaíon, ar an nguthán (01 618 0200/01 618 0243) nó trí ríomhphost (access@artscouncil.ie) chomh luath agus is féidir roimh an spriocdháta.

CLÁR

Cabhair a fháil maidir le d'iarratas	3
Pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu	4
1. Faisnéis faoin Dámhachtain do Thionscadal Amharclannaíochta	5
1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana	5
1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?	13
1.3 Cé hé nó hí an t-iarratasóir?	14
1.4 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?	14
1.5 Cad air ar féidir leat iarratas a dhéanamh?	16
1.6 Cad air nach féidir leat iarratas a dhéanamh?	20
1.7 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?	21
1.8 Incháilitheacht	25
1.9 Cá fhad a thógfaidh sé chun cinneadh a fháil?	26
2. An bealach chun d'iarratas a dhéanamh	27
2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon	27
2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais	29
2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas	29
2.4 Iarratas a dhéanamh ar líne	31
3. An chaoi a ndéanaimid measúnú ar d'iarratas	33
3.1 Forbhreathnú	33
3.2 An próiseas measúnaithe	33
3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú	34
3.4 Painéil phiaraí	35
3.5 Próiseas Scórála	35
3.6 Dearbhú leasa	36
3.7 Toradh na n-iarratas	36
3.8 Achomhairc	37

Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

Má tá ceisteanna agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid, tabhair cuairt ar rannán na gCeisteanna Coitianta ar ár suíomh gréasáin: <http://www.arts council.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/>

Má tá ceist theicniúil agat faoin bpróiseas iarratais ar líne agus nach bhfuil freagra ar do cheist i rannán na gCeisteanna Coitianta, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@arts council.ie, nó glaoch ar an gComhairle Ealaíon ar

- **01 618 0200**
- **01 618 0243**

Má bhíonn ceist agat faoi d'iarratas nach mbaineann le cúrsaí teicniúla, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ealaíon a bhfuil iarratas ar mhaoiniú á chur faoina bráid agat ar ríomhphost nó ar an bhfón.

<http://www.arts council.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/Liostai-den-bhfoireann-agus-de-chomhairleoiri/>

Chun féachaint ar ár bhfístreoir maidir le hiarratas a dhéanamh ar YouTube, téigh chuig

<https://youtu.be/-a3xeZdZj3o?feature=shared>

Pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu

- D'fhonn iarratas a dhéanamh, **ní mór** duit a bheith cláraithe le haghaidh cuntas Sheirbhísí Ar Líne na Comhairle Ealaíon (OLS). Mura bhfuil ceann agat, is féidir leat clárú le ceann a fháil [anseo](#). Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé suas le **cúig lá oibre** a thógáil sular féidir úsáideoir nua a chlárú ar OLS, mar sin tabhair go leor ama duit féin é seo a dhéanamh sula mbeidh an spriocdháta buailte leat.
- Molaimid go láidir duit an cháipéis seo a léamh go cúramach sula dtosaíonn tú ar an bpróiseas chun d'iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go láidir duit freisin tosú ar an bpróiseas go luath agus **neart ama** a fhágáil chun d'iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go mbeadh sé mar aidhm agat d'iarratas a uaslódáil **daichead a hocht uair an chloig ar a laghad** roimh an spriocdháta fógartha. Ar an gcaoi sin, beidh am agat dul i dteagmháil linn má bhíonn aon fhadhbanna teicniúla agat agus beimid in ann cuidiú leat.
- Tabhair faoi deara, de bharr an líon mór iarratasóirí a úsáideann an córas ar líne lá an spriocdháta, nach féidir linn a dheimhniú go mbeimid in ann aon fhadhbanna teicniúla a bheadh agat a réiteach, sa chás go dtéann tú i dteagmháil linn **i ndiaidh a 2.00 pm lá an spriocdháta**.
- Léigh an seicliosta seo a leanas go cúramach:

-
- Tá na treoiríníte seo léite agam agus tuigim iad.
 - Sa chás go raibh fadhb agam, chuaigh mé i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cúnamh a fháil, i bhfad roimh an spriocdháta
 - Tá gach cuid den fhoirm iarratais a bhaineann le m'iarratas comhlánaithe agam.
 - Tá gach ábhar tacaíochta atá riachtanach ullmhaithe agam, mar a shonraítear sna treoiríníte seo, agus tá siad sin réidh le huaslódáil agam.
 - D'iarr mé ar dhuine éigin eile m'iarratas a sheiceáil chun a chinntiú nach bhfuil aon earráidí ann agus nach bhfuil aon rud ar iarraidh.
-

1. Faisnéis faoin Dámhachtain do Thionscadal Amharclannaíochta

1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana

Is é an cuspóir atá leis an Dámhachtain do Thionscadal Amharclannaíochta ná tacú le forbairt, le giniúint, le déanamh saothair agus/nó ag cur amharclannaíochta os comhair lucht féachana. Tá an dámhachtain oscailte d'ealaíontóirí gairmiúla agus d'eagraíochtaí a bhfuil cuntas teiste soiléir acu i gcleachtas amharclannaíochta, i gcomhoibriú le healaíontóirí agus/nó i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí amharclannaíochta, ionaid nó féilte ealaíon atá ann cheana féin, sa chás ina mbeadh an chomhpháirtíocht sin de bhreis ar agus ar leithligh ó chroí-ghníomhaíocht na heagraíochta.

Tabhair faoi deara: ceanglaítear tacaíocht d'eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon do Shnáithe 4, cé gur inmhianaithe an ní é d'iarratais tionscadail amharclainne, ach ní mór d'aon tacaíocht a thairgtear tacú leis an saothar sa bhreis agus ar leithligh ó shaothar a bhfuil an eagraíocht maoinithe le tabhairt faoi cheana Níl aon rud le cosc a chur ar stiúrthóir, stiúrthóir ealaíne agus/nó léiritheoir gníomhú mar chomhairleoir nó meantóir chun tacú le hiarratas ar Dhámhachtain Tionscadail. Ná níl aon rud le cosc a chur ar eagraíocht maoinithe ag soláthar airgid agus/nó tacaíocht chomhchineáil do thionscadal. Tá béim na Dámhachtana tionscadail curtha ar dheiseanna íochta a chruthú do chumadóirí amharclannaíochta, léiritheoirí cruthaitheacha, drámadóirí, stiúrthóirí, dearthóirí agus ealaíontóirí amharclannaíochta eile nach bhfuil tuarastail lánaimseartha á bhfáil acu cheana ó eagraíochtaí maoinithe, áfach.

Cuireann straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–25), *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú* an bonn eolais faoi na dámhachtainí uile (féach anseo:

<http://www.artscouncil.ie/ga/straiteis-na-comhairle-ealaion/>).

Sainmhínte chun críche na scéime seo

Amharclannaíocht: Is é an sainmhíniú atá ag an gComhairle Ealaíon ar Amharclannaíocht ná obair dhrámata nó iardhrámata, taibhithe ag aisteoirí os comhair lucht féachana beo sa spás nó sa láthair céanna. D'fhéadfadh sé seo a bheith i spás foirmiúil amharclannaíochta, ach ní gá dó a bheith. Ba cheart go gcuimseodh sé gnéithe riachtanacha na hamharclannaíochta amhail:

- Taibhiú
- Móiminteam insinte

- Teannas drámatúil

Ní gá go mbeadh scéal inbhraite ann. Mar sin féin, ní mór don saothar cloí leis na struchtúir leathana den tuiscint ghinearálta ar an amharclannaíocht bheo.

Ní áirítear go sonrach sa sainmhíniú seo tograí chun an méid seo a leanas a fhorbairt:

- Closdráma/drámaí raidió
- Taifeadadh podchraoltaí
- Taibhealaín nó ealaín bheo fhadtréimhseach
- Suiteálacha ealaíne
- Fuirseoireacht ar na boinn
- Imeachtaí amhail agallaimh phoiblí, cainteanna, léachtaí nach bhfuil nasctha agus atá sainiúil don saothar amharclainne féin. Is i gcomhthéacs réamhléirithe nó iarléirithe a bhíonn siad seo.
- Aon chineál taibhiú a ndearnadh scannánú/taifeadadh air. Tá roinnt eisceachtaí ann:
 - Taibhiú a thaifeadadh os comhair lucht féachana beo don chraoladh beo nó le craobhscaoileadh amach anseo
 - Nuair a chuireann treoir sláinte poiblí bac ar lucht féachana freastal ar ócáidí beo

Tabhair faoi deara nach dtabharfar tús áite do mhaoiniú d'imeachtaí amharclannaíochta sna cásanna seo a leanas:

- Nuair nach í an amharclannaíocht an príomhfhoirm ealaíne – e.g. damhsa, ceol
- Nuair nach cleachtóirí amharclannaíochta iad na príomhthaibheoirí – e.g. damhsóirí, ceoltóirí
- Nuair is é an cleachtas rannpháirtíoch príomhfhócas an tsaothair.

Má tá na gnéithe seo ag d'imeacht, cuir isteach ar dhámhachtainí ón bhfoireann foirme ealaíne cuí, ina ionad.

D'fhéadfadh sé gur mhaith le healaíontóirí amharclannaíochta a mholann saothar atá dírithe ar pháistí nó ar dhaoine óga nó a bhfuil baint ag an saothar molta leo, iarratas a chur isteach faoi Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas (DÓLO).

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.artscouncil.ie.

<p>Ealaíontóir gairmiúil amharclannaíochta:</p>	<p>Duine atá ag obair go gairmiúil i gcáil chruthaitheach laistigh de chomhthéacs amharclannaíochta i.e. drámadóir, cumadóir amharclannaíochta, stiúrthóir, aisteoir, dearthóir (lena n-áirítear soilsiú, fuaim, seit, feisteas) agus/nó léiritheoir cruthaitheach. Bíodh is nach gá go dtuilleann siad ioncam go leanúnach ná go heisiach óna gcleachtas ealaíon, ní mór do na hiarratasóirí iad féin a aithint agus a bheith aitheanta ag a bpiaraí mar ealaíontóirí gairmiúla atá i mbun cleachtaidh</p>
<p>Meantóireacht:</p>	<p>Tacaíocht duine-le-duine, rialta, shaincheaptha agus struchtúrtha ó ealaíontóir nó ó ghairmí ag céim níos airde ina gcleachtas amharclannaíochta nó ina ngairm bheatha ghairmiúil ná an t-iarratasóir. Ba cheart go mbeadh teacht aniar láidir ann chun tairbhe a bhaint as obair nó cur chuige an iarratasóra agus chun iad a chur chun cinn.</p>
<p>Meantóir:</p>	<p>Cleachtóir a bhfuil taithí fhairsing aige nó aici agus a bhfuil cuntas teiste follasach aige nó aici agus go bhfuil saineolas aige/aici ina réimse féin den chleachtas amharclannaíochta agus a c(h)umas meantóireachta sonraithe agus leagtha amach go soiléir.</p>
<p>Comhoibriú nó próiseas comhoibríoch:</p>	<p>Próiseas ina dtugann ealaíontóirí amharclannaíochta ó réimsí éagsúla cleachtais (e.g. aisteoirí, dearthóirí), saineolas i gcineálacha éagsúla de chleachtais ealaíonta agus disciplíní le chéile chun oibriú le chéile i dtreo saothar amharclannaíochta a chruthú. Bíodh is go bhféadfadh ceannaire nó éascaitheoir ainmnithe a bheith ann don phróiseas seo, tá sé éagsúil leis an bpróiseas níos caighdeánaí maidir le comhoibriú.</p>
<p>Tacaíocht amharclannaíochta:</p>	<p>Teagmháil drámaíochta dhírithe leis an scríbhneoir agus leis an téacs thar thréimhse bhreithe forbartha. D'fhéadfadh comhairleoir amharclainne nó stiúrthóir nó gairmí eile a bhfuil taithí aige/aici leis na scileanna ábhartha a bheith i gceist leis seo.</p>
<p>Ionchur</p>	<p>Aiseolas ar script nó ar thogra ó ealaíontóir</p>

amharclannaíochta: seanbhunaithe (e.g. drámadóir sinsearach). D'fhéadfadh sin tarlú uair amháin nó arís agus arís eile, ach gan a bheith leathnaithe, rannpháirtíocht, mar atá le tacaíocht amharclannaíochta. D'fhéadfadh comhairleoir amharclainne nó stiúrthóir nó gairmí eile a bhfuil taithí aige/aici leis na scileanna ábhartha a bheith i gceist leis seo.

Tá an Dámhachtain do Thionscadal Amharclannaíochta á thairiscint trasna ceithre shnáithe, mar seo a leanas:

Snáithe 1: Forbairt dráma

Is é cuspóir an tsnáithe Forbartha Dráma é a chur ar chumas drámadóra, a ghlacfaidh páirt lárnach sa phróiseas cruthaitheach, téacs nó dráma nua a fhorbairt lena thaibhiú. D'fhéadfadh sé gurbh é a bheadh i gceist leis sin ná iarratas ón drámadóir féin nó iarratas ó thríú páirtí a bhfuil sé beartaithe acu forbairt ar théacs nua drámaíochta le taibhiú a choimisiúnú agus tacú leis.

Tá an snáithe seo ar oscailt do dhrámadóir le hiarratas a dhéanamh ar am chun dráma a scríobh/fhorbairt leo féin.

Agus an bhéim ar fhorbairt an téacs ag an drámadóir, **d'fhéadfadh** go mbeadh foráil déanta sa phróiseas freisin do chomhoibriú le hiliomad ealaíontóirí nó cleachtóirí (e.g. stiúrthóir, comhairleoir amharclainne, dearthóir, aisteoir, taibheoir), lena n-áirítear an duine atá freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt an dráma nó an téacs taibhithe.

D'fhéadfaí cuid den mhaoiniú a úsáid chun an drámadóir a íoc as an am a chaith sé ag scríobh an téacs agus, *más ábhartha*, chun comhoibrithe a íoc. Beidh script le taibhiú mar thoradh ar an bpróiseas. Cé nach bhfuil léiriú ar shaothar atá idir lámha de thoradh an tsaothair os comhair lucht féachana riachtanach don snáithe seo, féadfaidh iarratasóirí ranníocaíocht a lorg i gcomhair costais a bhaineann le cur i láthair saothair nach bhfuil críochnaithe nó léamh ar stáitse – [ach ní cheadaítear saothair a chur i láthair lucht féachana ginearálta de réir an tsnáithe seo.](#)

Tabharfar tús áite do thograí:

- A lorgaíonn le dráma nó téacs nua a scríobh le taibhiú

agus

- Atá ábalta sármhaitheas, nuáil agus/nó triail a léiriú

agus/nó

- Comhoibriú le níos mó ná ealaíontóir cruthaitheach amháin mar chuid den phróiseas forbartha dráma

agus/nó

- Ina ndéantar iarracht coincheapa atá nua agus nuálach a fhorbairt i gcomhair ábhar drámaíochta nua

agus

- Atá ábalta a n-indéantacht a léiriú tríd an bhfianaise seo a leanas a chur ar fáil:
 - Buiséid agus amlínte réalaíocha
 - Pá cuí do na healaíontóirí ar fad, lena n-áirítear comhoibrithe más ábhartha do do thogra.
 - Tacaíocht airgeadais agus/nó tacaíocht chomhchineáil ó fhoinsí eile más ábhartha do do thogra.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach gceadaítear léiriú saothair do lucht féachana a íocann táille faoin snáithe seo.

Snáithe 2: Saothar a Chruthú don Amharclannaíocht

Is é is cuspóir leis an snáithe Saothar a Chruthú don Amharclannaíocht ná cur ar chumas daoine smaointe i gcomhair saothar nua a fhorbairt i gcomhthéacs comhoibríoch ildisciplíneach a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh an drámadóir a bheith ag croílár an phróisis. Tá béim na dámhachtana ar nuáil agus ar thriail. Maidir leis an gcoincheap ar a mbunófar an togra, ní gá go mbeadh sé bunaithe ar théacs ar bith nó féadfaidh sé a bheith bunaithe ar théacs nua i gcomhair amharclannaíochta, nó ar théacs drámaíochta atá ann cheana féin, ar chóiriú ar fhoirm liteartha eile, nó ar aistriúchán nó ar chóiriú ar théacs ó theanga eile. Is é aidhm na dámhachtana ná cur ar chumas daoine smaointe a fhorbairt thar thréimhse ama agus trí chomhoibriú gan gá dóibh saothar a chur os comhair lucht féachana.

Cé nach bhfuil léiriú ar thoradh an tsaothair os comhair lucht féachana riachtanach don snáithe seo, féadfaidh iarratasóirí maoiniú a úsáid chun íoc as

costais a bhaineann le spás cleachtaidh nó saothair nach bhfuil críochnaithe a chur i láthair. Beidh script/leabhar taibhithe mar thoradh ar an bpróiseas.

Tabharfar tús áite do thograí:

- Déantar iarracht obair cheannródaíoch a dhéanamh trí nuáil agus trí thriail **agus/nó**
- A fhéachann le foirmeacha nua amharclannaíochta a fhorbairt trí chomhoibriú le níos mó ná ealaíontóir cruthaitheach amháin, murab ionann, agus sa bhreis ar an ngnáth-chomhoibriú idir an príomhealaíontóir (an stiúrthóir nó scríbhneoir de ghnáth) agus taibheoirí i seomra cleachtaidh **agus/nó**
- Ina léirítear uailmhian agus sármhaitheas i gcáilíocht na meantóireachta amharclannaíochta agus/nó an chomhoibrithe atá beartaithe **agus/nó**
- Déantar iarracht coincheapa atá nua agus nuálach a fhorbairt i gcomhair ábhar drámaíochta atá ann cheana féin **agus**
- Atá ábalta a n-indéantacht a léiriú tríd an bhfianaise seo a leanas a chur ar fáil:
 - Buiséid agus amlínte réalaíocha
 - Pá cuí do na healaíontóirí ar fad, lena n-áirítear comhoibrithe
 - Tacaíocht airgeadais agus/nó tacaíocht chomhchineáil ó fhoinsí eile más ábhartha do do thogra.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach gceadaítear léiriú saothair do lucht féachana a íocann táille faoin snáithe seo.

Snáithe 3: Léiriú saothair nua

Is é cuspóir an tsnáithe Saothar Nua ná saothar amharclannaíochta nua a chur os comhair lucht féachana. D'fhéadfaí cur i láthair amharclainne le húdair aonair, nó saothar nuálach, comhoibríoch agus/nó turgnamhach a bheith i gceist nó léiriú nua ar théacs atá ann cheana. Maidir leis an gcoincheap ar a mbunófar an togra, féadfaidh sé a bheith ina théacs nua, saothar comhoibríoch, saothar nach bhfuil bunaithe ar théacs ar bith, téacs

drámaíochta atá ann cheana féin, cóiriú ar fhoirm liteartha eile, nó aistriúchán nó cóiriú ar théacs ó theanga eile.

Tabharfar tús áite do thograí:

- A fhéachann le hamharclannaíocht nua atá uailmhianach ó thaobh na nealaíon de, a scríobh drámadóir aonair, a chruthaigh amharclannóir, nó a forbraíodh trí phróiseas comhoibrithe a chur i láthair lucht féachana.

agus/nó

- Déantar iarracht saothar nua nó ábhar reatha a chur i láthair ar bhealach nua, nuálach agus/nó i gcomhthéacs turgnamhach

agus

- Atá ábalta a n-indéantacht a léiriú tríd an bhfianaise seo a leanas a chur ar fáil:
 - Amlínthe réalaíocha agus buiséid atá feiliúnach do scála na hoibre atá molta
 - Spriocanna lucht féachana/éisteachta réalaíocha agus réamh-mheastacháin ioncaim atá oiriúnach do scála an chuir i láthair
 - Pá cuí do na healaíontóirí ar fad, lena n-áirítear comhoibrithe
 - Tacaíocht airgeadais agus/nó tacaíocht chomhchineáil ó fhoinsí eile.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach gceadaítear costais d'am forbartha ar shaothar nua faoin snáithe seo. Táthar ag súil go mbeidh pé dráma nó téacs atá beartaithe le haghaidh léiriúcháin réidh le réamhléiriú.

Ar mhaith le soiléireacht, d'fhéadfaí táillí na scríbhneoirí/ na gcomhairleoirí amharclannaíochta a chur san áireamh chun oiriúnaithe a chlúdach a d'fhéadfadh teacht aníos le linn na tréimhse cleachtaidh.

Snáithe 4: Léiriúchán Amharclannaíochta

Is é cuspóir an tsnáithe Léiriúchán Amharclainne ná cur ar chumas ealaíontóirí agus/nó aonáin léiriúcháin a bhfuil cuntas teiste suntasach acu maidir le léiriúcháin amharclannaíochta a dhéanamh do lucht féachana le léiriúchán gairmiúil amharclannaíochta ar mheánscála nó ar mhórsála uailmhianach a chur i láthair ar bhonn náisiúnta.

Leagtar béim ar léirithe nua a dhéanamh ar théacsanna drámata atá ann cheana féin, ach cuirfear drámaí nua, drámaí nach bhfaca lucht féachana Éireannach roimhe seo, agus tionscadail nach bhfuil bunaithe ar théacsanna

san áireamh freisin más rud é gur féidir cás a dhéanamh go meallfaidh siad lucht féachana (e.g. má tá cuntas teiste suntasach ag an ealaíontóir nó ag an scríbhneoir, maidir le lucht féachana a mhealladh).

Is é fócas na dámhachtana ná amharclannaíocht uailmhianach atá ar fheabhas ó thaobh na teicneolaíochta de a chumasú ar mheánsála nó ar mhórsála i gcomhthéacs an traidisiúin chlasaicigh nó an chleachtais iar-dhrámata chomhaimseartha (nó iad araon), lucht féachana a mhealladh agus a fhorbairt le haghaidh na hamharclannaíochta gairmiúla ar fud na hÉireann, agus deiseanna fostaíochta ardleibhéil a chruthú i gcomhair saorealaíontóirí amharclannaíochta.

Ní mór eagraíocht amháin, ar a laghad, a fhaigheann cúnamh deontais ón gComhairle Ealaíon agus a bhfuil cuntas teiste *suntasach* aici maidir le téatar a chur i láthair do lucht féachana, a bheith ag tacú le hiarratais ar Amharclainne. Tabharfar tosaíocht do thograí atá ag fáil tacaíocht ó eagraíochtaí atá ag fáil Maoiniú Straitéiseach nó Maoiniú d'Ionaid Ealaíon. Ní mór don iarratasóir a léiriú go bhfuil an tacaíocht atá á tairiscint agus ról beartaithe na heagraíochta atá maoinithe **sa bhreis ar** na gníomhaíochtaí dá bhfuil maoiniú lárnach faighte ag an eagraíocht, agus **deighilte uathu**. Ní mór fianaise agus mionsonraí a chur ar fáil mar chuid de na hábhair thacaíochta.

Tabhair faoi deara: ciallaíonn sé seo nach féidir le stiúrthóir lánaimseartha nó stiúrthóir ealaíne, agus/nó stiúrthóir feidhmiúcháin lánaimseartha, agus/nó stiúrthóirí tairbhiúla agus/nó bainisteoir ginearálta, agus/nó léiritheoir lánaimseartha gníomhú mar stiúrthóir nó léiritheoir nó duine eile de lucht na n-ealaíon in iarratas ar Dhámhachtain Tionscadail. Is féidir le stiúrthóir, stiúrthóir ealaíne agus/nó léiritheoir gníomhú mar chomhairleoir nó meantóir chun tacú le hiarratas Dámhachtana Tionscadail [ach NÍ FÉIDIR déanamh amhlaidh sa chás go ndéantar in ionad róil íochta é.](#)

Tabharfar tús áite do thionscadail ó chuideachtaí/ealaíontóirí amharclannaíochta bunaithe, nó iad siúd atá i gcomhpháirtíocht le heintiteas dá leithéid, lena mbaineann na nithe seo a leanas:

- A fhéachann le hamharclannaíocht ardcháilíochta, atá thar cionn ó thaobh na teicneolaíochta de agus atá uailmhianach ó thaobh na healaíne de a chur os comhair lucht féachana ginearálta, ar dócha go mbainfidís sult aisti, agus é sin a dhéanamh i gcomhpháirt le heagraíochtaí amharclannaíochta agus/nó le heagraíochtaí ealaíon atá ann cheana féin,

sa chás ina bhfuil an chomhpháirtíocht sin sa bhreis ar, agus deighilte amach ó, na gníomhaíochtaí dá bhfuil maoiniú lárnach faighte ag an eagraíocht

agus

- Atá ábalta a n-indéantacht a léiriú tríd an bhfianaise seo a leanas a chur ar fáil:
 - Buiséid agus amlínte réalaíocha
 - Spriocanna lucht féachana/éisteachta réalaíocha agus réamh-mheastacháin ioncaim atá oiriúnach do scála an léiriúcháin
 - Pá cuí do na healaíontóirí ar fad, lena n-áirítear comhoibrithe
 - Tacaíocht airgeadais agus/nó tacaíocht chomhchineáil ó fhoinsí eile.

Tabhair faoi deara: ní cheadaítear costais sa bhreis d'am forbartha ar shaothar nua faoin snáithe seo. Táthar ag súil go mbeidh pé dráma nó téacs atá beartaithe le haghaidh léiriúcháin réidh le réamhléiriú.

1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá an dámhachtain oscailte d'ealaíontóirí aonair agus d'eagraíochtaí atá ag obair san amharclannaíocht. Le bheith i dteideal iarratas a dhéanamh, **ní mór** d'iarratasóirí na riachtanais seo a leanas a shásamh:

- A bheith ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann. Ach, i líon teoranta cásanna, féadfaimid glacadh le hiarratais ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann. Sa chás seo, ní mór duit a lua i d'fhoirm iarratais an chaoi a rachadh do thogra chun tairbhe na n-ealaíon i bPoblacht na hÉireann. Chaithfimis a bheith sásta le do mhíniú.

Mar chuid dá [Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta](#), tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do **chomhionannas rochtana, deiseanna agus torthaí** a chur ar fáil do gach iarratasóir féideartha beag beann ar

- Inscne
- Claonadh gnéis
- Stádas sibhialta nó teaghlaigh
- Reiligiún
- Aois

- Míchumas
- Cine
- Ballraíocht den Lucht Siúil
- Cúlra socheacnamaíoch.

Sa scéim maoinithe seo, cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte ar leith roimh iarratais ó gach cuid de shochaí na hÉireann, lena n-áirítear aon cheann de na tréithe a luaitear thuas ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin agus/nó tionscnaimh a chuireann deiseanna nó torthaí cothroma ar fáil dóibh siúd atá bainteach leo.

1.3 Cé hé nó hí an t-iarratasóir?

Is ionann an t-iarratasóir agus an duine nó an eagraíocht a gheobhaidh aon deontas a thairgfear agus a bheidh freagrach as glacadh le téarmaí agus le coinníollacha an deontais sin.

Ní íocfar aon deontas a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá á shealbhú in ainm an iarratasóra.

Ní mór go mbeadh na cáipéisí go léir a chuirfear ar fáil in ainm an iarratasóra (ealaíontóir aonair nó eagraíocht ealaíon) – e.g. má dhéanann tú iarratas chuig an gComhairle Ealaíon ar mhaoiniú faoin ainm Máire de Barra, ní mór go mbeadh gach cáipéis, sonraí bainc agus sonraí cánach ina measc, san ainm sin; mar shampla ní ghlacfar le leaganacha malartacha amhail Mary Barry nó Barry Studios.

1.4 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Seo a leanas na daoine nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh:

- Eagraíochtaí atá ag fáil maoiniú faoi na cláir seo a leanas de chuid na Comhairle Ealaíon faoi láthair: Fáiltítear roimh Mhaoiniú Straitéiseach, Maoiniú Ionad Ealaíon, Maoiniú Comhpháirtíochta - trí rannpháirtíocht a leithéid d'eagrais mar chomhpháirtithe

- Eagraíochtaí nó daoine aonair a bhfuil Maoiniú Deontais do na hEalaíona 2025 bronnta orthu¹
- Daoine a oibríonn ar bhonn lánaimseartha le heagraíochtaí atá á maoiniú trí aon cheann de na cláir thuas
- Eintitis nó eagraíochtaí atá á bhainistiú, á reáchtáil nó faoi úinéireacht thairbhiúil ag daoine aonair a oibríonn go lánaimseartha le heagraíochtaí atá maoinithe ag an gComhairle Ealaíon.
- Comhaltaí de Chomhairle na nInstitiúidí Náisiúnta Cultúrtha atá maoinithe go díreach ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- Daoine aonair nó eagraíochtaí nach bhfuil cuntas teiste inléirithe mar ealaíontóirí ná eagraíochtaí gairmiúla acu
- Daoine atá i mbun oideachas fochéime faoi láthair (lena n-áirítear iad siúd atá ag gabháil do chúrsaí bonnchéime) nó a bheidh ina bhun le linn na tréimhse a bhfuil an dámhachtain seo ar fáil.
- Daoine atá ag lorg tacaíochta i dtreo táillí le haghaidh oideachas iarchéime (lena n-áirítear neamhchreidiúnaithe)/ardoideachais nó staidéir

Nótaí:

- Ní féidir leat iarratas a dhéanamh ar an dámhachtain mar dhuine aonair agus mar bhall d'eagraíocht – e.g. ní féidir leat iarratas a dhéanamh mar stiúrthóir ealaíne ar chuideachta agus iarratas a dhéanamh faoi d'ainm féin freisin
- Ní féidir fostaithe lánaimseartha d'aon eagraíocht atá maoinithe ag an gComhairle Ealaíon a ainmniú mar phríomhphearsanra ealaíne in iarratas ar Dhámhachtain Tionscadail. Is é an cuspóir atá leis an Dámhachtain Tionscadail ná deiseanna íochta a chur ar fáil do shaothar na n-ealaíontóirí nach bhfaigheann tuarastal ó eagraíocht atá maoinithe cheana féin
- Ba cheart d'ealaíontóirí amharclannaíochta ar mian leo saothar a dhéanamh atá dírithe go príomha ar leanaí tagairt a dhéanamh do

¹ Beidh iarratasóirí don Mhaoiniú Deontais do na hEalaíona (AGF) 2025 nach n-éireoidh leo incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an mbabhta seo de Thionscadail Amharclannaíochta.

Dhámhachtain Tionscadail DÓLO freisin, a d'fhéadfaí a bheith níos oiriúnaí. Lorg comhairle ó Fhoireann Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas (DÓLO) le do thoil

1.5 Cad air ar féidir leat iarratas a dhéanamh?

Ba cheart go mbeadh an snáithe faoina ndéantar iarratas ag teacht leis an gcineál togra, mar atá leagtha amach thuas agus a bheith ar cóimhéid le scála an togra. Tá ceithre bhanda maoinithe ar fáil: Is ionann an méid agus an t-uasmhéid is ceadmhach duit a iarraidh faoi gach snáithe – ní hann d'aon íosmhéid.

	An t-uasmhéid atá ar fáil*
Snáithe 1: Forbairt dráma	Suas le €15,000
Snáithe 2: Saothar a Chruthú don Amharclannaíocht	Suas le €26,000
Snáithe 3: Cur i Láthair Amharclannaíochta:	Suas le €80,000
Snáithe 4: Léiriúchán Amharclannaíochta	Suas le €175,000

Ní féidir leat iarratas ar thacaíocht a dhéanamh ach faoi shnáithe **amháin** den dámhachtain. **Ní mór** duit an snáithe ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat a aithint go soiléir i gcuid 1.3 den fhoirm iarratais.

Chomh maith leis an uasteorainn a luaitear thuas, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon breithniú ar chostais a bhaineann go sainiúil le healaíontóirí faoi mhíchumas a bheith ag saothrú ealaíne. Más mian leat cur isteach ar mhaoiniú breise ar an mbonn sin, ba chóir duit faisnéis a chur ar fáil le d'iarratas ag sonrú na gcostas breise sin.

Cé mhéad maoinithe ar féidir leat iarratas a dhéanamh air?

Agus tú ag cur isteach ar mhaoiniú faoin Dámhachtain do Thionscadal Amharclannaíochta, ní mór duit buiséad mionsonraithe a chur isteach agus cinntiú go bhfuil na costais ar fad agus na tacaíochtaí comhchineáil agus ioncaim liostaithe. Soláthraíonn an Chomhairle Ealaíon Teimpléad Buiséid Amharclannaíochta **nach mór** duit a úsáid don chuspóir seo – d'fhéadfá é a íoslódáil ón leathanach [Dámhachtain do Thionscadal Amharclannaíochta ar shuíomh](#) gréasáin na Comhairle Ealaíon. D'fhéadfadh nach bhfuil go leor sonraí ag teastáil in úsáid an teimpléid seo; ach mar sin féin, ar mhaithe le soiléire

agus comhsheasmhacht caithfear an teimpléad seo a úsáid. Measfar go bhfuil iarratas **neamh-incháilithe** mura gcuirtear eolas buiséid sa teimpléad riachtanach.

Is ionann an t-uasmhéid maoinithe is féidir leat a iarraidh agus an difríocht idir an **caiteachas beartaithe** agus an **t-ioncam beartaithe** a shonraíonn tú sa bhuiséad.

- Ba cheart go n-áireofaí leis an gcaiteachas beartaithe táillí iomlána, * pá, costais theicniúla, costais mhargaíochta agus phoiblíochta, costais riaracháin, srl.
- Ba cheart go n-áireofaí leis an ioncam beartaithe an méid airgid a shíleann tú a gheofar ó mhaoinitheoirí eile, etc.

Tá sé tábhachtach freisin gach tacaíocht chomhchineáil** a léiriú san ioncam agus sa chaiteachas araon, chun fíorluach agus luach iomlán do thogra a léiriú.

<p>* Nóta maidir le pá ealaíontóirí</p>	<p>Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do phá agus coinníollacha ealaíontóirí a fheabhsú. D'fhoilsíomar <u>beartas</u> maidir le luach saothair agus conraitheoireacht chóir chothrom ealaíontóirí. Tá sé tábhachtach go léann tú an beartas sin sula ndéanann tú d'iarratas. Iarrfar ort, mar chuid den phróiseas iarratais, an chaoi a gcinnteoidh tú pá cóir agus coinníollacha cearta agus cuí do na healaíontóirí a oibríonn leat a leagan amach. Cabhróidh sé seo linn indéantacht d'iarratais a mheas.</p>
<p>** Nóta maidir le tacaíocht chomhchineáil</p>	<p>Má tá tú ag súil le tacaíocht chomhchineáil a fháil, is gá duit luach airgeadais a chur uirthi ionas go mbeidh an ranníocaíocht a dhéanann sí le fíorluach do thogra soiléir. Ba cheart duit caitheamh le tacaíocht chomhchineáil mar chaiteachas agus mar ioncam araon: pé méid a dhearbhaíonn tú ar thaobh an chaiteachais, ba cheart duit é a dhearbhú freisin ar thaobh an ioncaim.</p> <p>Ní féidir am a thugann na stiúrthóirí nó comhaltaí boird a chur san áireamh mar chostas comhchineáil.</p>

Iarrtar ort an t-ioncam, an caiteachas agus an méid atá á iarraidh agat a shonrú ag trí chéim le linn d'iarratais:

- Ar an mbuiséad mionsonraithe a chaithfidh tú a chur isteach mar chuid d'iarratas
- Ar líne, nuair a chuirfidh tú tús leis an iarratas (na figiúirí iomlána amháin)
- I gcuid 3 den fhoirm iarratais.

Cinntigh go bhfuil na figiúirí iomlána mar an gcéanna sna trí chás, agus cinntigh gurb ionann an méid atá á iarraidh agus CAITEACHAS IOMLÁN Iúide IONCAM IOMLÁN.

Costais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe² faoi mhíchumas

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do chinntiú go bhfuil ár gcláir mhaoinithe, agus an obair a mhaoinímid, inrochtana do gach duine.

Glacann an Chomhairle Ealaíon le míniú ar mhíchumas ó Airteagal 1 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ina deirtear:

'Cuimsíonn *daoine faoi mhíchumas* iad siúd a bhfuil tearcumais fhisiciúla, mheabhracha, intleachtúla nó céadfacha fadtéarmacha acu, a d'fhéadfadh bac a chur orthu a bheith rannpháirteach go hiomlán agus go héifeachtach sa tsochaí ar bhonn cothrom le daoine eile nuair a bhíonn siad ag idirghníomhú le bacainní éagsúla.'

Is féidir leat costais rochtana a chur san áireamh laistigh de d'iarratas agus tá dhá chineál costais rochtana ar féidir le do dheontas tacú leo.

1. Costais rochtana pearsanta nó rannpháirtithe

Ba cheart do na costais seo do chuid oibre a dhéanamh inrochtana d'ealaíontóirí nó do rannpháirtithe le míchumais atá ag tabhairt faoi do thogra. Mar shampla:

- Tú
- Na príomh-ealaíontóirí, daoine aonair, grúpaí, nó eagraíochtaí a bhaineann le do thogra
- Comhpháirtithe nó comhoibrithe
- Foireann léiriúcháin

² Tugann an Chomhairle Ealaíon sainmhíniú ar rannpháirtithe mar iad siúd a chuireann iad féin in iúl go cruthaitheach trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ealaíonta. I dtéarmaí níos leithne, ciallaíonn sé seo aon duine atá páirteach sna healaíona ar aon bhealach ag aon leibhéal e.g. ag freastal ar imeacht, ag léamh leabhair, ag féachaint ar thaibhléirí, etc.

- Foireann lárnach nó príomhphearsanra riaracháin

Mar shampla, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- Aistritheoir TCÉ
- Seirbhísí oibrí tacaíochta rochtana

Nóta: is féidir chur isteach ar na costais seo anuas ar an uasmhéid atá ar fáil don ghradam agus iad a chur san áireamh sa mhéid iomlán a iarrtar.

2. Costais chun do chuid oibre a dhéanamh inrochtana do dhaoine eile – costais rochtana poiblí

Ba mhaith linn a chinntiú go mbaineann níos mó daoine taitneamh as eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán agus go bhféadfadh gach duine rochtain a fháil ar an obair a mhaoinimid.

Baineann na costais seo le do chuid oibre a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus ba cheart go mbeadh siad mar ghnáthchuid de do chuid oibre.

Mar shampla, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- Aistritheoir ISL le haghaidh d'imeachta nó d'fheidhmíochta
- Seirbhís cur síos fuaimne a úsáid
- Do shuíomh gréasáin a dhéanamh comhoiriúnach le léitheoirí scáileáin
- Ábhair taispeántais a tháirgeadh i bhformáidí eile mar Bhraille nó clos-leagan

Cad a tharlaíonn má tá an maoiniú a chuirtear ar fáil níos lú ná mar a d'iarr mé?

Má thairgtear maoiniú duit atá níos lú ná mar a d'iarr tú, pléifimid leat conas do ghníomhaíocht beartaithe a chur i gcrích agus an buiséad leasaithe á plé againn.

Nílimid ag súil go laghdóidh tú nó go mbainfidh tú aon tacaíocht rochtana amach ó d'iarratas a dhéanann do chuid oibre inrochtana do dhaoine eile.

Nóta: cur na costais seo san áireamh sa mhéid iomlán a iarrtar laistigh den uasmhéid atá ar fáil don ghradam.

Conas iarratas a dhéanamh ar chostais rochtana

Ní mór dúinn a thuiscint cén fáth go bhfuil tú ag cur isteach ar chostais rochtana agus conas a chomhlíonann siad riachtanais do rannpháirtithe nó do lucht féachana.

Má chuireann tú costais rochtana san áireamh i do thogra, ní mór duit:

- Na costais a léiriú ar dhá líne ar leith san áit a léirítear san fhoirm iarratais.
 - a) Líne do chostais rochtana pearsanta nó rannpháirtithe amháin.
 - b) Líne do chostais rochtana poiblí amháin.

Nóta: cibé an n-úsáideann tú teimpléid bhuiséid na Comhairle Ealaíon nó do dhoiciméad buiséid féin, ní mór an dá chineál costais rochtana a léiriú leo féin laistigh de do bhuiséad.

1.6 Cad air nach féidir leat iarratas a dhéanamh?

Ní fhéadfaidh tú cur isteach ar níos mó ná dámhachtain tionscadail amháin in aon fhoirm ealaíne/aon chleachtas ealaíon in aon bhabhta maoiniúcháin amháin, e.g. ní féidir leis an aon iarratasóir amháin iarratas a chur isteach ar Dhámhachtain do Thionscadal Amharclannaíochta agus ar Dhámhachtain do Thionscadal Ceoil in aon bhabhta amháin. I measc na gníomhaíochtaí agus na gcostas nach féidir leat cur isteach orthu, tá siad seo a leanas:

- Mórcheannacháin chaipitiúla
- Príomhchostais leanúnacha
- Gníomhaíochtaí nó costais nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana (nó don snáithe dámhachtana) a bhfuil iarratas á dhéanamh agat uirthi
- Costais léiriúcháin faoi Shnáitheanna 1 nó 2
- Costais forbartha faoi Shnáitheanna 3 nó 4
- Gníomhaíochtaí a d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtain eile arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó arna feidhmiú ag gníomhaireachtaí stáit eile, amhail Cultúr Éireann
- Gníomhaíochtaí atá thart nó a thosófar roimh an 1 Eanáir 2025

- Gníomhaíochtaí chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó a bheidh ar siúl go príomha chun brabús a dhéanamh
- Gníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin, mura féidir leat a léiriú go ndearna tú an togra a fhorbairt go suntasach óna chuir tú iarratas isteach an uair roimhe **nó** má mhol an Chomhairle Ealaíon duit go sonrach d'iarratas a atreorú chuig an dámhachtain seo. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus léiriú go n-éireoidh leis an iarratas.
- Tionscadail nach bhfuil i gceist leo ach camchuart léiriúchán atá ann cheana féin
- Forbairt, táirgeadh agus cur i láthair saothair, nach bhfuil scartha go soiléir ó obair na n-eagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gComhairle Ealaíon cheana féin agus sa bhreis air (e.g. Maoiniú Straitéiseach, Maoiniú d'Ionaid Ealaíon).

1.7 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?

Ciallaíonn ábhar tacaíochta ábhar **ar leith ó** d'fhoirm iarratais agus **sa bhreis air**. Cabhraíonn sé seo leis an duine a bhfuil measúnú á dhéanamh aige ar d'iarratas chun tuiscint níos soiléire a fháil ar do thogra. Léigh go hanchúramach an liosta seo a leanas den ábhar tacaíochta a theastaíonn, mar is é an chúis is mó a meastar iarratais a bheith neamh-incháilithe ná go dteiptear cloí leis seo.

Le bheith incháilithe le haghaidh measúnú i gcomhair Dámhachtana do Thionscadal Téatair **caithfidh** tú an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach ar líne:

1. Teastaíonn an méid seo a leanas uainn do gach duine aonair a luaitear i do thogra:
 - a. Beathaisnéisí nó CVanna atá cothrom le dáta (trí leathanach ar a mhéad)
 - b. Litir nó ríomhphost deimhnithe ina sonraítear an cineál comhoibrithe atá i gceist, gur socraíodh téarmaí airgeadais a rannpháirtíochta, agus a léiríonn go dtuigtear na torthaí beartaithe agus go bhfuiltear ar aon intinn maidir leo

2. I gcás ina bhfuil tacaíocht ó eagraíocht i d'iarratas, **caithfidh** tú litreacha/ríomhphoist tacaíochta agus/nó cóipeanna de mheabhráin tuisceana a chur ar fáil, a thugann achoimre ar mhionsonraí agus/nó téarmaí a bhaineann le comhléiriúcháin agus/nó deimhniú aon ghealltanais ioncaim, idir airgead tirim nó ioncam comhchineáil, i leith an togra.*

3. Tá míle fáilte eolas cúlra a chur ar fáil faoin eagraíocht, más eagraíocht í nach mbeadh mórán eolais ag an gComhairle Ealaíon ina taobh.

* **Tabhair faoi deara:** ba cheart go leagfaí amach ainmneacha na ndaoine aonair agus na n-eagraíochtaí sin san fhoirm iarratais ag ceist 2.8.

4. Teimpléad Buiséad Comhlánaithe do Thionscadal Amharclannaíochta de chuid na Comhairle Ealaíon (cáipéis Microsoft Excel amháin) – **caithfear** úsáid a bhaint as an leagan is déanaí de theimpléad buiséid na Comhairle Ealaíon ina leith. Is féidir leat é a íoslódáil ar an leathanach [Dámhachtain do Thionscadal Amharclannaíochta](#) ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon. Is buiséad as féin an buiséad sin agus cuirtear an buiséad ar fáil anuas ar an bhfaisnéis bhuiséadach a iarrtar san fhoirm iarratais. Ba cheart na costais aonair go léir, agus ioncam réamh-mheasta ar bith, a bhaineann leis an tionscadal a leagan amach ann. **Tabhair faoi deara:** **ní mór** na rátaí pá a mholtar do gach duine a bheidh rannpháirteach a chur isteach ann; ba cheart go mbeadh na rátaí pá réalaíoch agus i gcomhréir le leibhéal taithí ghairmiúil na gcleachtóirí.

Tabhair faoi deara: **nach mór** duit úsáid a bhaint as an leagan is déanaí de theimpléad buiséid d'Amharclannaíocht de chuid na Comhairle Ealaíon chun sonraí do bhuiséid a chur isteach; deimhníonn sé seo comhsheasmhacht agus cuireann sé ar chumas na meastóirí anailís a dhéanamh ar bhuiséid i gcomhthéacs maoinithe iomaíoch.

- 1.** Idir aon sampla amháin, ar a laghad, agus trí shampla, ar a mhéad, de shaothar a rinne tú cheana agus atá ábhartha don tionscadal atá beartaithe. Féach an chuid maidir leis na formáidí comhad a nglactar leo chun tuilleadh eolais a fháil air sin.
 - Caithfidh iarratasóirí chuig **Snáithe 1**, Ceapadóireacht Drámaí, sampla dá gcuid scríbhneoireachta a rinneadh roimhe seo don téatar a chur ar fáil
 - Iarratasóirí chuig Snáithe **3** nó **4**, más togra chun dráma nua a léiriú atá i gceist, ní mór sampla deich leathanach den dráma/saothar atá á mholadh a chur ar fáil

Ag brath ar an gcineál togra atá ann, d'fhéadfadh sé go mbeadh na nithe seo i leanas i gceist le samplaí:

- Íomhánna socra
- Íomhánna gluaisteacha/ábhar físe nach faide ná deich nóiméad ar fad
- Samplaí scríbe/scríbhneoireachta nach faide ná deich leathanach ar fad

2. D'iarratais faoi Shnáitheanna **3 agus 4**, teastaíonn plan margaíochta agus/nó plan scaipthe agus/nó plan rannpháirtíochta ina dtugtar breac-chuntas ar cé dó an obair agus conas a chuirfear ar chumas daoine/conas a spreagar daoine chun dul i ngleic leis.

Moltar duit ábhar tacaíochta den chineál céanna a ghrúpáil i gcáipéisí aonair nuair is féidir (e.g. CVanna, samplaí de shaothar roimhe, litreacha/ríomhphoist tacaíochta)

Tabhair faoi deara: mura gcuireann tú gach a luaitear thuas ar fáil, meastar go bhfuil d'iarratas **neamh-incháilithe** agus ní dhéanfar é a mheas.

D'fhonn an líon mór iarratas a fhaighimid de ghnáth a mheas go tráthúil, **ní féidir** linn aon ábhair thacaíochta seachas na cinn a liostáiltear thuas a athbhreithniú.

Faisnéis bhreise a bhíonn ag teastáil i gcásanna áirithe:

- Má tá tú ag lorg costais rochtana bhreise chun tacú le hobair daoine aonair a bhfuil riachtanais rochtana acu, nó chun tacú le rochtain ar d'áit oibre do lucht féachana a bhfuil riachtanais rochtana acu, cuir cáipéis san áireamh ina bhfuil na costais sin leagtha amach, agus an chaoi ar thángthas orthu. Déan cinnte do chostais iomlána rochtana atá liostaithe astu féin a chur san áireamh laistigh de Theimpléad Buiséid Amharclannaíochta na Comhairle Ealaíon.
- Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, ní mór duit cóip den cháipéis Beartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Ainmhithe de do chuid a chur ar fáil.

D'iarratais a bhaineann le leanaí agus le daoine óga atá faoi bhun 18 mbliana d'aois

Éilíonn an Chomhairle Ealaíon ar gach duine aonair agus ar gach eagraíocht a sholáthraíonn seirbhísí (mar shampla seirbhísí cultúrtha, áineasa, oideachais) do *leanaí agus do dhaoine óga atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois* beartais

agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí a chur i bhfeidhm. Agus iarratas á dhéanamh agat, **caithfidh** tú a chur in iúl i gcuid 1 den fhoirm iarratais cé acu a bhaineann do thogra leis an aoisghrúpa seo nó nach mbaineann.

- Má fhreagraíonn tú 'Tá' ar an gceist seo san fhoirm iarratais agus má éiríonn le d'iarratas, beidh ort, mar choinníoll maoiniúcháin, a dheimhniú agus a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí i bhfeidhm agat.
- Má éiríonn leat, iarrfar ort Féin-iniúchadh Dearbhaithe Cáilíochta na Comhairle Ealaíon i dtaca le Cosaint agus Leas Leanaí a chomhlánú ar <https://childprotection.artscouncil.ie/>. Téigh chuig www.tusla.ie le tuilleadh faisnéise a fháil maidir le Tús Áite do Leanaí.
- Éileofar ort freisin do chuid sonraí a nuashonrú sa táb faisnéise faoin bpróifíl sa chuntas Seirbhísí ar Líne (gabh chuig an rannán chun do chuntas a nuashonrú chun sin a dhéanamh).

Maidir le hiarratais a bhaineann le daoine fásta soghonta

Agus iarratas á dhéanamh agat, **caithfidh** tú a chur in iúl i gcuid 1 den fhoirm iarratais an bhfuil obair le nó le haghaidh daoine soghonta mar chuid de do thogra nó nach bhfuil. Má chuireann tú tic sa bhosca Tá, cuireann tú in iúl go n-oibreoidh tú leis an gcohort seo nó go gcuirfidh tú obair i láthair don gcohort seo mar chuid de do thogra agus go n-aithníonn tú go bhfuil tú ar an eolas maidir leis an *mBeartas agus na Nósanna Imeachta Náisiúnta um Chosaint Daoine Soghonta atá i mBaol Mí-úsáide** agus go gcloíonn tú leis (féach [anseo](#)).

* **Tabhair faoi deara:** d'fhéadfaí go n-iarrfar ort níos mó fianaise maidir le bheith ag cloí leis na beartais seo a chur ar fáil má éiríonn le d'iarratas.

Measfar nach mbeidh d'iarratas incháilithe mura gcuirfidh tú an t-ábhar riachtanach tacaíochta go léir isteach.

An fhormáid le haghaidh ábhar tacaíochta

Ní mór gach ábhar tacaíochta don Ghradam seo a chur isteach ar líne. Ní ghlacfar le hábhar tacaíochta i bhfoirm cruachóipe. Moltar duit ábhar tacaíochta den chineál céanna a ghrúpáil i gcáipéisí aonair nuair is féidir (e.g. CVanna, samplaí de shaothar roimhe, litreacha/ríomhphoist tacaíochta).

Má bhíonn tuilleadh faisnéise uait faoi na formáidí is féidir leat a úsáid faoi choinne an ábhair tacaíochta, féach rannán **2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas.**

Tabhair faoi deara: is féidir úsáid a bhaint as naisc chuig ardáin sruthaithe le samplaí de shaothar a thabhairt. Ní mór ábhar tacaíochta neamhspleách amhail CVanna agus litreacha tacaíochta srl. a uaslódáil mar dhoiciméid aonair le d'iarratas.

1.8 Incháilitheacht

Measfar go bhfuil d'iarratas **neamh-incháilithe** agus ní chuirfear é chun cinn go dtí an chéad chéim eile den phróiseas má bhaineann aon cheann de na rudaí seo a leanas leis:

1. Chuir tú an t-iarratas isteach i ndiaidh an spriocdháta.
2. Níor sheol tú isteach foirm iarratais chomhlánaithe trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon (ní ghlacfar le foirm iarratais a cheanglaítear mar cháipéis tacaíochta).
3. Níor chomhlánaigh tú gach cuid den fhoirm iarratais a bhaineann le do thogra.
4. Níl tú incháilithe iarratas a dhéanamh faoi na critéir a leagtar amach i gcuid 1.2 agus i gcuid 1.4 thuas
5. Chuir tú isteach ar mhéid maoinithe atá níos mó ná an t-uasmhéid a cheadaítear don dámhachtain ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat, faoi mar atá leagtha amach i rannán 1.5 thuas (ach amháin nuair atá tú ag déanamh iarratas ar mhéid breise chun costais rochtana poiblí no pearsanta a chlúdach a dhíol).
6. Chuir tú iarratas isteach le haghaidh gníomhaíochta nó cuspóra nach féidir iarratas a dhéanamh ina leith faoi mar a leagtar amach i gcuid 1.6 thuas.
7. Níor chuir tú gach ceann de na hábhair thacaíochta riachtanacha mar a leagtar amach i gcuid 1.7 thuas ar fáil.
8. Tá d'iarratas níos oiriúnaí do chlár maoinithe eile a thairgeann an Chomhairle Ealaíon nó gníomhaireacht mhaoinithe eile (cuirfimid an deis maoinithe níos oiriúnaí in iúl duit sa chás seo).

Tabhair faoi deara: sa chás go meastar go bhfuil d'iarratas neamh-incháilithe, ní dhéanfar measúnú air agus beidh tú incháilithe iarratas a dhéanamh leis an togra céanna i mbabhtaí maoinithe sa todhchaí.

1.9 Cá fhad a thógfaidh sé chun cinneadh a fháil?

Braithfidh an méid ama a thógfaidh sé orainn cinneadh a dhéanamh ar líon na n-iarratas a gheobhaimid. Go hiondúil, ag brath ar líon na n-iarratas, tógfaidh sé idir dhá go cúig seachtaine déag.

2. An bealach chun d'iarratas a dhéanamh

2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon; ní ghlacfar le hiarratais a dhéanfar ar bhealach ar bith eile (sa phost, ar facs nó ar ríomhphost).

Ní mór go mbeadh cuntas Seirbhísí ar Líne agat chun iarratas a dhéanamh.

Mura bhfuil cuntas Seirbhísí ar Líne agat cheana féin, cláraigh do chuntas tríd an bhfoirm chlárúcháin a chomhlánú anseo:

<https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge>.

Laistigh de chúig lá oibre, seolfar ARN (Uimhir Thagartha Ealaíontóra) uathúil agus pasfhocal chugat trí ríomhphost, agus beidh tú in ann úsáid a bhaint astu chun logáil isteach ar na Seirbhísí ar Líne.

Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

Tabhair faoi deara: beidh ríomhaire nó ríomhaire glúine de dhíth ort chun d'iarratas a chur isteach. Ní oibríonn ár suíomh gréasáin Seirbhísí ar Líne ar fhóin ná ar tháibléid.

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí Idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na Seirbhísí ar Líne duit:

PC Córas oibriúcháin Windows 7 nó leagan níos déanaí de Windows leis na leaganacha brabhsálaithe seo a leanas: Microsoft Edge (v.94) nó Firefox (v.27) nó Chrome (v.33), nó leagan níos déanaí d'aon cheann de na brabhsálaithe sin.

Mac Mac OS X v10.5 Leopard nó leagan níos déanaí de chóras oibriúcháin Mac leis na leaganacha brabhsálaithe seo a leanas: Safari (v.3.1) nó Firefox (v.27) nó Chrome (v.32) nó Microsoft Edge (v.94), nó leagan níos déanaí d'aon cheann de na brabhsálaithe sin.

Tabhair faoi deara: Má choisceann Safari 11 uaslódáil cáipéisí, úsáid leagan níos déanaí de Safari, nó brabhsálaithe difriúla ar nós Firefox, Chrome, nó Microsoft Edge.

Tabhair faoi deara: ní mór go mbeidh Microsoft Word (Deasc) nó OpenOffice Writer suiteáilte freisin chun an fhoirm iarratais féin a chomhlánú. Bogearra saor in aisce is ea OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil anseo:

<https://www.openoffice.org>.

Úsáideoirí OpenOffice

Féach ar ár bhfíseán *Using OpenOffice to download, complete and upload the application form* ag <https://www.youtube.com/watch?v=iT9XxgmgoEo>.

Ní mór duit OpenOffice Writer leagan 4.0.1 nó níos luaithe a úsáid. Nuair a úsáidtear leaganacha níos déanaí ná 4.0.1 de OpenOffice Writer athraíonn an chaoi a bhfeictear ár bhfoirmeacha iarratais nuair a chuirtear isteach trí Sheirbhísí ar Líne iad.

Nótaí tábhachtacha d'úsáideoirí Apple Mac

- Tabhair faoi deara an chuid san fhíseán YouTube (ag 1 nóim. 20, tá an nasc ar fáil thuas) ina bpléitear leis an leagan 4.0.1 a íoslódáil ar ríomhairí Mac ar a mbeadh an córas oibriúcháin Mac OS Mojave nó leagan níos luaithe suiteáilte.
- Ní féidir OpenOffice 4.0.1 a íoslódáil ar Mac ar a bhfuil an córas oibriúcháin MAC OS Catalina. Má tá an córas oibriúcháin seo nó leagan níos déanaí de suiteáilte ar do Mac, beidh ort leagan 4.1.9 de OpenOffice, nó leagan níos nuá de, a íoslódáil agus a úsáid.

Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.

Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chomhlánú

Ba cheart duit eolas a chur ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne tamall maith roimh an spriocdháta agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh tráthnóna an spriocdháta. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

D'fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapfá d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

Tacaíocht theicniúil a fháil

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ach ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie nó trí ghlaoch a chur ar 01 6180200/01 6180243. Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn tamall maith roimh an spriocdháta. Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt.

Déileáilimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

Cuimhnigh go ndéantar anrud glaonna ag druidim leis an spríocdháta agus go mb'fhéidir nach réiteofar glaonna i dtaobh tacaíocht theicniúil a gheofar tar éis a 2.00 p.m. ar lá an spríocdháta.

2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais

Mura bhfuil sé seo déanta agat cheana féin, íoslódáil an fhoirm iarratais don dámhachtain ar mian leat iarratas a dhéanamh uirthi. Is cáipéis Microsoft Word (Deisce)/OpenOffice Writer í an fhoirm iarratais, a chomhlánóidh tú as líne (ar do ríomhaire féin). Tugtar treoir ar an bhfoirm iarratais maidir le conas gach cuid den fhoirm a líonadh isteach.

Tabhair faoi deara: tá an fhoirm iarratais leagtha amach chun go mbeidh an Chomhairle Ealaíon in ann faisnéis a bhaint uathí chun críocha measúnaithe. Tá sé **thar a bheith tábhachtach** go mbeidh freagraí clóscríofa sna boscaí liatha ar an bhfoirm, agus nach mbainfear iad agus/nó nach mbeidh rud ar bith clóscríofa lasmuigh díobh. Má dhéanann tú é sin, beidh fadhbanna ann agus d'fhoirm á huaslódáil.

2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur isteach le d'iarratas. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh CV nó samplaí de shaothar reatha de do chuidse i gceist leis seo – e.g. téacs, físeán, íomhánna nó taifeadtaí fuaime (féach ar chuid **1.7 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?**).

Ní mór duit an t-ábhar tacaíochta uile den sórt sin a chur isteach ar líne – ba cheart duit, más gá, ábhar a scanadh nó a shábháil i bhformáid leictreonach.

Na formáidí comhaid a nglactar leo

Liostaítear sa tábla seo a leanas formáidí comhaid do d'ábhar tacaíochta.

Cineál comhaid	Iarmhír comhadainm
téacscomhaid	.rtf/.doc/.docx/.txt
comhaid íomhá	.jpg/.gif/.tiff/.png
comhaid fuaime	.wav/.mp3/.m4a
comhaid físe	.avi/.mov/.mp4
scarbhileoga	.xls/.xlsx
Comhaid Adobe Acrobat	.pdf

Reader

Ar mhaithe le háisiúlacht, bailigh le chéile na comhaid go léir a theastóidh uait in áit inrochtana ar do ríomhaire.

Naisc URL a chur isteach

Tabhair faoi deara: is féidir úsáid a bhaint as naisc chuig ardáin sruthaithe le samplaí de shaothar a thabhairt. Ní mór ábhar tacaíochta neamhspleách amhail CVanna agus litreacha tacaíochta srl. a uaslódáil mar dhoiciméid aonair le d'iarratas.

In áit d'ábhar a uaslódáil go díreach, féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar ardáin sruthaithe nach gcuireann teorainn ar rochtain trí shíntiús airgeadais. Chun é sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (seoladh iomlán an tsuímh ar a bhfuil d'ábhar á óstáil) isteach i gcáipéis Microsoft Word nó OpenOffice Writer nó doiciméad PDF agus uaslódáil é mar cháipéis tacaíochta ina bhfuil nasc gréasáin.

Cé nach liosta iomlán é seo, is samplaí d'ardáin chomhroinnte inghlactha iad YouTube, Vimeo, SoundCloud agus Bandcamp.

Tabhair faoi deara nach nglacfaimid le naisc chuig na foinsí seo a leanas:

- Suíomhanna comhroinnte comhad – e.g. Google Drive, OneDrive
- Ardáin na meán sóisialta – e.g. Meta, Instagram
- Do shuíomh gréasáin pearsanta féin

Tabhair faoi deara: ní bhreathnóidh na measúnóirí ach amháin ar naisc URL a chuireann tú ar fáil. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh tú cinnte go n-oibríonn gach nasc sa doiciméad **agus** go dtugann na naisc an breathnóir chuig an bhfoinse cheart ionas go mbeidh an breathnóir in ann rochtain a fháil ar d'ábhar tacaíochta agus breathnú air.

Ná marcáil d'ábhar mar 'príobháideach' mar nach mbeidh sé ar fáil lena mheasúnú. Athraigh na socrúithe ar d'fhíseán go 'neamhliostaithe' más rud é nár mhaith leat go mbeadh an pobal in ann féachaint ar ábhar tacaíochta an iarratais ar do chainéal YouTube.

Comhaid a ainmniú go cuí

Maidir le gach comhad a bhfuil sé ar intinn agat é a uaslódáil, tabhair comhadainm air a léiríonn go soiléir cad atá ann nó cad a léirítear leis – i.e. mar shampla ba cheart go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, téacs samplach nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa cháipéis.

Cuir cáipéisí tacaíochta isteach i gcomhaid ar leith atá ainmnithe go cuí.

Ainmneacha	russelljack iarratas ar Thionscadal Ailtireachta.doc
maithe le	russelljack gearrthóg taibhithe.mp4
tabhairt ar chomhaid i gcás iarratasóra darb ainm Jack Russell	russelljack Tionscadal ailtireachta teimpléad buiséid babhta 2.xls
	russelljack nasc youtube.doc

Is é **40 MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

2.4 Iarratas a dhéanamh ar líne

Chun d'iarratas a chur isteach ar líne, ní mór duit dul trí cheithre phríomhchéim. Cliceáil ar **Sábháil dréacht** ag deireadh gach céime. Is féidir leat teacht ar ais chuig d'iarratas agus é a athbhreithniú tráth ar bith sula gcuirfidh tú isteach ar deireadh é.

2.4.1 Roghnaigh clár maoinithe agus íoslódáil foirm iarratais

Chun tús a chur le hiarratas nua, cliceáil ar an gcnaipe **Déan iarratas** ar do leathanach baile, agus lean na leideanna chun an clár cuí maoinithe a roghnú agus chun uimhir uathúil thagartha a thabhairt do d'iarratas, trína n-aithneofar é. Ag an gcéim seo, is féidir leat an fhoirm iarratais a íoslódáil freisin (mura bhfuil sé sin déanta agat cheana féin).

2.4.2 Iarr méid an mhaoinithe

Ag an gcéim seo, sonraigh an caiteachas agus an t-ioncam a bhaineann le do thogra, agus méid an mhaoinithe atá á iarraidh agat. Ba cheart gurb ionann **an Méid atá á iarraidh** agus **Caiteachas iomlán** lúide **Ioncam iomlán**. Ba cheart go mbeadh na figiúirí deiridh a iontrálann tú anseo díreach cosúil leo siúd a iontrálann tú i gcuid 3 den fhoirm iarratais agus i do bhuiséad mionsonraithe.

2.4.3 Uaslódáil an fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta

Lean na leideanna chun d'fhoirm iarratais atá comhlánaithe agat a uaslódáil, mar aon le buiséad mionsonraithe, CV/CVanna agus aon ábhar tacaíochta riachtanach eile (féach ar chuid **1.7 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?**). Ní gá duit gach rud a uaslódáil ag an am céanna. Is féidir leat d'iarratas a shábháil mar dhréacht, agus teacht ar ais chuige níos déanaí.

Tabhair faoi deara: má tá d'fhoirm iarratais curtha i gcrích agat mar chomhaid **.docx**, agus má tá tú muiníneach go bhfuil d'fhoirm iarratais líonta isteach i gceart (lena n-áirítear clóscríobh laistigh de na réimsí liatha) ach go léiríonn na seirbhísí ar líne teachtaireacht a deir nach féidir an fhoirm a uaslódáil, déan iarracht í a shábháil mar chomhaid **.doc** agus í a uaslódáil arís.

2.4.4 Seol an t-iarratas

Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil gach rud atá de dhíth chun tacú le d'iarratas uaslódáilte agat agus tic curtha leis an dearbhú agat, cliceáil **Cuir isteach**.

Ní féidir an t-iarratas a athrú tar éis é a chur isteach. Ná cuir an t-iarratas isteach go dtí go mbeidh tú iomlán sásta leis.

Ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost. Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn nuair a gheobhaidh an Chomhairle Ealaíon d'iarratas. D'fhéadfá an dara ceann a fháil cúpla nóiméad ina dhiaidh sin agus d'uimhir iarratais ann, a úsáidfear i ngach comhfhreagras a bhaineann leis an iarratas seo. **Tabhair faoi deara:** tá sé tábhachtach go rachfá i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie mura bhfaigheann tú an dara ríomhphost deimhnithe ina mbeidh an uimhir iarratais.

3. An chaoi a ndéanaimid measúnú ar d'iarratas

3.1 Forbhreathnú

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, tugann sí breith orthu agus cuireann sí a breith in iúl do na hiarratasóirí de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh.

3.2 An próiseas measúnaithe

Nuair a fhaightear é, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon d'iarratas a phróiseáil mar seo a leanas:

-
- 1 I ndiaidh d'iarratas a chur isteach, ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost:
 - Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn, agus admhófar d'iarratas leis.
 - Ba cheart go dtiocfadh an dara ceann cúpla nóiméad ina dhiaidh sin. Beidh d'uimhir iarratais ann, a mbainfimid úsáid aisti sa chomhfhreagras ar fad faoi d'iarratas.

Tabhair faoi deara: ní chiallaíonn na ríomhphoist seo ach go n-aithníonn an córas ar líne gur chuir tú iarratas isteach. Ní chiallaíonn siad go bhfuil d'iarratas incháilithe le haghaidh measúnú.

Mura bhfaigheann tú ríomhphost ina mbeidh d'uimhir iarratais, téigh i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie

-
- 2 Seiceáiltear inghlacthacht an iarratais. Féach ar chuid **1.8 Incháilitheacht** thuas.

-
- 3 I roinnt cásanna, b'fhéidir nach é an réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air an ceann is oiriúnaí do do thogra. I gcás mar sin, déanfaimid teagmháil leat agus fiafróimid díot an bhfuil tú sásta go mbogfaimid d'iarratas chuig foireann ealaíon níos oiriúnaí. Beidh ort ansin rogha a dhéanamh d'iarratas a bhogadh, nó é a fhágáil faoin réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air.

-
- 4 Déanann comhairleoir(i) agus/nó an fhoireann measúnú scríofa ar an iarratas bunaithe ar na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i gcuid 3.3 thíos.

-
- 5 Molann comhairleoir(i) agus/nó an fhoireann ar cheart iarratas a chur ar an ngearrliosta nó nár cheart.

-
- 6 Déanann an painéal piaraí athbhreithniú ar na hiarratais go léir ar an ngearrliosta agus ar an ábhar gaolmhar, ansin tugann sé scóir agus déantar cinntí.
-

7 Cuirtear na cinntí in iúl do na hiarratasóirí i scríbhinn.

8 Déanann an Chomhairle nóta de na cinntí.

3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú

Déantar iarratais a mheasúnú i gcomhthéacs iomaíoch agus cuirtear an fhoirm iarratas agus na hábhair thacaíochta san áireamh. Déantar measúnú ar gach iarratas i gcoinne na gcritéir seo a leanas: **a)** fiúntas ealaíne, **b)** an chaoi a gcomhlíonann siad cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana, agus **c)** indéantacht. Cuirtear síos ar gach ceann de na critéir sin thíos.

Cé go bhféadfadh iarratasóirí foirmeacha ealaíne/cleachtais ealaíon eile a roghnú mar chinn a bhaineann lena n-iarratas, déanfaidh an fhoireann atá freagrach as an bpríomhfhoirm ealaíne roghnaithe measúnú ar an iarratas agus d'fhéadfaidís siúd, i gcásanna áirithe, measúnú tánaisteach a iarraidh ó fhoireann eile.

A. Fiúntas ealaíne

Dírítear le measúnú ar an bhfiúntas ealaíne ar an iarratasóir agus orthu siúd atá bainteach leis an tionscadal, chomh maith leis an gcineál gníomhaíochta ealaíon atá beartaithe, agus áirítear leis breathnú ar an méid seo a leanas:

- Caighdeán an smaoinimh agus na gníomhaíochta ealaíon atá beartaithe
- Cuntas teiste an iarratasóra agus an phearsanra ealaíonta a bhfuil baint acu leis an tionscadal faoi mar a thaispeántar é ina CVanna agus sna hábhair thacaíochta eile a cuireadh isteach
- Acmhainn an iarratasóra agus an phearsanra ealaíonta de réir mar atá léirithe san fhoirm iarratais agus san ábhar tacaíochta a cuireadh isteach
- Comhthéacs na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíon lena mbaineann an ghníomhaíocht atá beartaithe
- An uaimhian, an úrnuacht agus an inniúlacht atá léirithe sa togra
- Conas a léirítear nuálaíocht, triail agus comhoibriú san iarratas.

B. Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a bhaint amach

Déantar iarratais a mheasúnú de réir a fheabhas a éiríonn leo cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh – (féach ar chuid **1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana**).

C. Indéantacht

Breathnaítear sa mheasúnú indéantachta ar an gcumas a léiríonn an t-iarratasóir an ghníomhaíocht atá beartaithe a chomhlíonadh. Áirítear air sin breathnú ar na nithe seo a leanas:

- Cuntas teiste an phearsanra a bhfuil baint acu leis an tionscadal a bhainistiú, a riar, agus a sholáthar

- A mhéid a léiríonn an t-iarratasóir go bhfuil coinníollacha agus luach saothair cothrom á soláthar do na healaíontóirí rannpháirteacha
- A mhéid is atá comhpháirtithe tionscadail aitheanta páirteach nó tiomanta
- An buiséad atá beartaithe
- Foinsí eile ioncaim
- Acmhainní eile atá ar fáil agus an teacht atá orthu
- An clár ama nó an sceideal atá beartaithe.

3.4 Painéil phiaráí

Is é cuspóir chruinnithe an phainéil piaráí ná éagsúlacht tuairimí saineolacha a cheadú chun faisnéis a chur ar fáil don phróiseas cinnteoireachta. Bíonn ar a laghad triúr breithneoirí seachtracha ar phiarphainéal a mbíonn an fhoirm ealaíne ábhartha acu agus/nó a mbíonn saineolas acu ar chleachtas ealaíon.

Bíonn comhalta de chuid na Comhairle Ealaíon i gceannas ar gach cruinniú de ghnáth agus gníomhaíonn an comhalta sin mar chathaoirleach gan ceart vótála. Freastalaíonn comhairleoirí agus foireann na Comhairle Ealaíon ar na cruinnithe de réir mar is gá, agus bíonn na daoine a raibh baint acu le measúnú tosaigh na n-iarratas ar fáil chun faisnéis a sholáthar, de réir mar is gá. Beidh rochtain ag lucht an phainéil ar gach iarratas ar an ngearrliosta agus ar an ábhar gaolmhar go léir lá roimh an gcruinniú, tráth a ndéanann siad na hiarratais ar an ngearrliosta a athbhreithniú, a phlé agus a scóráil. Ina dhiaidh sin, déantar iarratais a rangú de réir scóir. Mar thoradh ar an gcomhthéacs iomaíoch agus ar an mbuiséad ar fáil, is dóigh nach mbeidh an Chomhairle Ealaíon in ann a mhaoiniú ach líon beag de na hiarratais a gheofar.

3.5 Próiseas Scórála

Iarrtar ar an bpainéal na hiarratais a scóráil de réir an chórais seo a leanas:

- A – Caithfear a Mhaoiniú (10 bpointe):** dar leis an gcomhalta painéil gur comhlíonadh na critéir go léir san iarratas le haghaidh na dámhachtana agus go bhfuil maoiniú tuillte aige ar an mbonn sin, an méid atá á iarraidh más féidir.
- B – Ba Chóir a Mhaoiniú (8 bpointe):** dar leis an gcomhalta painéil gur comhlíonadh na critéir san iarratas an oiread sin go bhfuil maoiniú tuillte aige má tá acmhainní ar fáil.
- C – D’fhéadfaí a Mhaoiniú (5 phointe):** dar leis an gcomhalta painéil gur comhlíonadh na critéir san iarratas, ach ní an oiread sin leis na hiarratais eile ó thaobh iomaíochta de.
- D – Ní Tosaíocht É (2 phointe):** dar leis an gcomhalta painéil nár comhlíonadh na critéir san iarratas an oiread sin go bhfuil maoiniú tuillte aige.

3.6 Dearbhú leasa

D'fhonn cothroime agus cothromas sa chinnteoireacht a chinntiú, ní mór do chomhaltaí painéil leas a dhearbhú má tá dlúthcheangal pearsanta nó gairmiúil acu le hiarratasóir nó má tá baint acu ar shlí ar bith leis an iarratas. Féadann 'leas' a bheith ina 'leas airgid' nó ina 'leas neamhairgid' (e.g. gaol muintire, comhpháirtíochtaí pearsanta, nó comhpháirtíochtaí gnó idir fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil, etc.)

Ní mór an leas a dhearbhú a luaithe agus is eol don chomhalta painéil é a bheith ann. D'fhéadfadh sé sin tarlú ag an bpointe nuair a iarrtar air/uirthi suí ar an bpainéal (más eol an 'leas' ag an bpointe sin) nó tar éis liosta na n-iarratasóirí a fháil. I gcás go ndearbhaítear leas, ní bhfaighidh an comhalta painéil sin páipéir a bhaineann leis an iarratas sin agus beidh air nó uirthi an seomra a fhágáil nuair a bhíonn an t-iarratas ar leith á athbhreithniú. Nuair a thagann an cás sin aníos, vótálfaidh an Cathaoirleach in ionad an chomhalta painéil.

I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé nach n-aithneodh comhalta painéil go bhfuil coinbhleacht leasa ann go dtí go bhfaigheann agus go ndéanann sé/sí athbhreithniú ar na páipéir phainéil. I gcásanna den sórt sin ní mór don chomhalta painéil ball foirne den Chomhairle Ealaíon nó Cathaoirleach an phainéil a chur ar an eolas chomh luath agus a thuigeann siad go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist.

Sa chás go gcuireann beirt ón bpainéal in iúl go bhfuil coinbhleacht leasa acu i leith aon iarratais amháin, beidh an cathaoirleach páirteach mar chuid den phróiseas cinnteoireachta i gcás an iarratais shonraigh sin.

Má tá coinbhleacht leasa ag Cathaoirleach ainmnithe an phainéil, ní mór dóibh é sin a dhearbhú a luaithe agus is eol dóibh go bhfuil a leithéid ann agus an fógra sin a thabhairt i scríbhinn roimh an gcruinniú. Sa chás sin, beidh an Ceann Foirne mar chathaoirleach ar an bplé a dhéanfar maidir leis an iarratas a bhfuil coinbhleacht leasa i gceist leis.

3.7 Toradh na n-iarratas

Cuirtear gach iarratasóir ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh a n-iarratas.

Cuirfear ríomhphost chugat mura gcuirtear d'iarratas ar ghearrliosta. Má chuirtear d'iarratas ar ghearrliosta, déanfaidh an coiste athbhreithniú air.

Má éiríonn le d'iarratas, cuirfear litir thairisceana chugat ina sonrúfar méid an mhaoinithe a bhronnfar ort agus téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Inseofar duit freisin conas do dhámhachtain a tharraingt anuas.

Faigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór iarratas, agus bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Mura n-éireoidh le d'iarratas, is féidir leat aiseolas a iarraidh ar fhoireann na Comhairle Ealaíon.

Níl aon ghealltanas ann go mbronnfar dámhachtain mar gheall ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh nósanna imeachta iarratais amháin.

Níl iarratasóirí nach n-éireoidh leo incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon le tabhairt faoin ngníomhaíocht chéanna. Más dóigh leis an gComhairle Ealaíon go mbeadh an ghníomhaíocht atá beartaithe níos feiliúnaí do chlár dámhachtana eile is féidir eisceacht a dhéanamh. I gcás dá leithéid, cuirfear é sin in iúl duit i scríbhinn.

3.8 Achomhairc

Is féidir le hiarratasóirí cinneadh maoinithe a achomharc má mheasann siad gur sáraíodh nósanna imeachta foilsithe na Comhairle Ealaíon, nó gur cuireadh i bhfeidhm go héagórach iad nó nár cloíodh leo. Má mheasann tú nár cloíodh le nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an bpróiseas achomhairc ar http://www.artscouncil.ie/en/fundInfo/funding_appeals.aspx, nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon le haghaidh cóip den bhileog faisnéise faoin bpróiseas achomhairc.